



Tóstal na Gaeilge 14 Eanáir 2012

Aidhm...

....de thoradh an athbhreithnithe go mbeadh Acht ann a bheadh oiriúnach dá fheidhm agus a d'fhreastalódh go cuí ar mhianta an phobail teanga le cinntiú go raibh brí á tabhairt don fhoráil bhunreachtúil gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga oifigiúil ós í an teanga náisiúnta í.


Leasuithe déanta...

- Ceadaíonn leasú a rinneadh ar Alt 7 den Acht in Alt 62 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 go ndéanfaí aon Acht den Oireachtas a fhoilsiú ar an idirlíon in aon teanga oifigiúil amháin sula ndéanfar é a chló agus a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúil.
- Leasaigh Alt 48 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 foráil den Ionstraim Reachtúil (Uimh. 872 de 2004) - An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 a rinneadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla - fad is a bhaineann sé leis an logainm An Daingean.
- Na leasuithe seo déanta le linn 2011 gan aon comhairliúcháin phoiblí agus tráth go raibh sé leagtha amach i gclár oibre an Rialtais go mbeadh athbhreithniú iomlán le déanamh ar an Acht.
- D'fhógair an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta téarmaí tagartha don athbhreithniú sin ar 3 Samhain 2011 le linn Féile an Oireachtais chomh maith le próiseas comhairliúcháin phoiblí.
- Coicís dar gcionn, mar chuid d'athchóiriú na seirbhíse poiblí, fógraíodh go raibh cinneadh déanta ag an Rialtas feidhmeanna Oifig an Choimisinéara Teanga a chónascadh le h-Oifig an Ombudsman agus go dtabharfaí an cónascadh sin i bhfeidhm le linn 2012 mar chuid den athbhreithniú ar an Acht.

Comprehensive Review of Expenditure submissions

- [Department of Agriculture](#)
- [Department of Arts Heritage & the Gaeltacht](#)
- [Department of Communications Energy and Natural Resources](#)
- [Department of Defence](#)
- [Department of Education Skills](#)
- [Department Environment, Community & Local Government](#)
- [Department Children & Youth Affairs](#)
- [Department of Finance](#)
- [Department of Foreign Affairs](#)
- [Department of Health](#)
- [Department of Jobs, Enterprise & Innovation](#)
- [Department of Public Expenditure & Reform](#)
- [Department of Taoiseach's](#)
- [Department of Transport, Tourism and Sport](#)
- [Department of Justice](#)
- [Department of Social Protection](#)
- [Revenue](#)

Iúil / July 2010



De thoradh an athbhreithnithe...

- ❖ ...a chinntiú go bhfuil an tAcht ag freastal ar riachtanais phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta;
- ❖ ...simpliú agus soiléiriú a dhéanamh ar chearta agus ar dhualgais teanga agus, dá réir sin, an úsáid a bhaintear as seirbhís stáit trí Ghaeilge a mhéadú;
- ❖ ...an t-ualach riaracháin agus maorlathais a bhaineann le feidhmiú an Achta a laghdú trí chuíchóiriú agus sruthlíniú;
- ❖ ..malairt córas a chur in áit na gceann atá ann cheana féin má shíltear nach féidir barr-éifeacht a chur leo;
- ❖ ...go gcinnteofaí, agus luach ar airgead á lorg mar is ceart i soláthar seirbhísí stáit go ginearálta, nach bhfágfaí ar lár seirbhísí trí Ghaeilge ach nach orthu amháin a dhíreofaí.

Clár

Réamhrá	3
Cúlra reachtúil	5
Athbhreithniú.....	6
<u>Croí-aidhm.....</u>	8
Cúlra bunreachtúil agus cúirte	9
<u>Rangú ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht</u>	11
<u>Seirbhís stáit trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.....</u>	12
<u>Foilseacháin.....</u>	13
<u>Ainm, sloinneadh agus seoladh</u>	13
<u>Feidhmiú chóras na scéimeanna teanga nó malairt córais?</u>	14
<u>Polasaí earcaíochta don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí.....</u>	15
Mionleasuithe teicniúla eile	15

Éifeachtach...

Codanna den Acht atá ag feidhmiú go héifeachtach...

- ❖ forálacha díreacha a bhaineann le cumarsáid i nGaeilge
- ❖ na rialacháin a bhaineann le húsáid na dteangacha oifigiúla i stáiseanóireacht agus i gcomharthaíocht na n-eagras stáit.
- ❖ Daingnítear ann bunchearta tábhachtacha teanga maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla
 - ❖ sna cúirteanna agus
 - ❖ i dTithe an Oireachtais.
- ❖ Cuireann sé i bhfeidhm córas le
 - ❖ monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht na n-eagras stáit don reachtaíocht agus
 - ❖ gearáin faoi sháruithe ar dhualgais reachtúla teanga a fhiosrú agus a réiteach.
- ❖ Tugann sé bunús reachtúil do logainmneacha oifigiúla an Stáit.

Rangú ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht

- ❖ Difríochtaí an-suntasach idir comhlachtaí poiblí éagsúla na tíre agus an leibhéal caidrimh a bhíonn acu leis an bpobal i gcoitinne, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh...
- ❖ Iad a rangú ina gcatagóirí éagsúla (A, B, C, etc.) de réir an réimse feidhme agus an chaidrimh atá acu leis an bpobal, agus an leibhéal seirbhíse a bheadh le soláthar acu trí Ghaeilge i gcomhréir leis an rangú sin...
- ❖ Dualgas ar leith ar: Ranna agus na hoifigí rialtais a bhfuil plé mór acu leis an bpobal i gcoitinne, eagraíochtaí a bhfuil sainchúram náisiúnta orthu nó a bhfuil baint mhór acu le haicmí móra den daonra (mar shampla Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, etc.) chomh maith le comhlachtaí poiblí a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina limistéir feidhme (mar shampla údaráis áitiúla nó eile i gcontaetha ina bhfuil ceantair Ghaeltachta).
- ❖ Sceideal na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht: Níor leasaíodh an sceideal ach uair amháin ón mbliain 2003, sin sa bhliain 2006. Tá iliomad athruithe tagtha ar chomhlachtaí poiblí an Stáit ó shin. Leasú simplí reachtúil a thabharfad gach comhlacht poiblí faoi scáth na reachtaíochta fad is a bhaineann sé le bunfhorálacha díreacha...gan aon ghá a thuilleadh le dua riaracháin...
- ❖ Dualgais reachtúla teanga sa chás is go gceapann nó go n-údaráionn comhlacht poiblí cuideachta phríobháideach nó gníomhaireacht eile le feidhmiú thar a cheann agus é ag déileáil leis an bpobal.

An Ghaeltacht

- ❖ ...dualgais reachtúla a chur ar chomhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile.
- ❖ Ní féidir leis an Stat a bheith ag súil leis go mairfidh an Ghaeilge mar a rogha teanga ag an bpobal sa Ghaeltacht má leantar ag brú Béarla ar phobal na gceantar sin lena gcuid gnóthaí oifigiúla a dhéanamh.
- ❖ Ní raibh staid na teanga mar theanga phobail chomh leochaileach riamh is atá anois sa Ghaeltacht.
- ❖ Gach uair a dhiúltaítear an deis don phobal a dteanga dhúchais a roghnú agus iad i mbun cumarsáide leis an státchóras, is buille breise é sin do sheasamh agus d'inchreidteacht na Gaeilge mar theanga phobail.
- ❖ Atheagar agus planáil a theastódh anseo seachas aon ghníomh costasach eile, le cinntiú gur daoine a bheadh iomlán inniúil sa Ghaeilge a bheadh ag obair ag comhlachtaí poiblí Ghaeltacht nó in oifigí comhlachtaí poiblí a bheadh ag déileáil le pobal na Gaeltachta.
- ❖ Ní tharlóidh sin gan céimeanna planáilte, diongbháilte. D'fhéadfaí an leasú seo a dhéanamh trí rialacháin reachtúla a thabharfaí i bhfeidhm in imeacht tréimhse ama.

Foilseacháin

- ❖ Tá cás ann gur cheart d'aon stát a mhaíonn go bhfuil dhá theanga oifigiúla aige deimhin a dhéanamh de go mbeadh gach foilseachán oifigiúil á sholáthar sna teangacha sin...má bhí doiciméad sách tábhachtach lena sholáthar i mBéarla gur cheart, mar chomhartha stádais, é a sholáthar i nGaeilge freisin.
- ❖ Creidim:
 - ❖ gur cheart a chinntiú go dtabharfaí tosaíocht do na foilseacháin sin is mó a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh.
 - ❖ gur go dátheangach faoi aon chlúdach amháin (seachas in dhá leagan ar leith i nGaeilge agus i mBéarla) a bheadh an oiread foilseachán agus is féidir den chineál seo mar dhea-chleachtas.
- ❖ Caithfear cinntí agus roghanna a dhéanamh nuair a bheadh an t-ord tosaíochta sin á shocrú le teacht ar na foilseacháin sin is mó a mbeidh éileamh ag an bpobal orthu (i.e. suíomhanna gréasáin, bileoga eolais, foirmeacha, bróisiúir, seirbhísí idirghníomhacha ar líne, cártaí, ceadúnais, tuarascálacha, treoirlínte, leabhráin, etc).

Polasaí earcaíochta....

- ❖ Caithfear dul i ngleic leis an bhfadhb is bunúsaí dá bhfuil ann maidir le soláthar seirbhísí stáit trí Ghaeilge, i.e. easpa foirne sa chóras poiblí le cumas in dhá theanga oifigiúla an Stáit. (.i. An Roinn Oideachais agus Scileanna, nach bhfuil dóthain Gaeilge ach ag 1.5% dá foireann riaracháin chun seirbhís a sholáthar sa teanga sin.
- ❖ Níl aon duine ag moladh gur cheart filleadh ar chóras na Gaeilge éigeantaí, ach is gá teacht ar chomhréiteach éigin mura bhfuil an Béarla le bheith ina riachtanas don phobal ina ngnóthaí ar fad leis an Stát.
- ❖ Dá mbeadh polasaí earcaíochta ann a thabharfadh aitheantas dáiríre d'inniúlacht in dhá theanga oifigiúla an Stáit, bheadh ciorrú ar an gcaiteachas ar sheirbhísí aistriúcháin agus eile in imeacht ama.
- ❖ Tá gá freisin le córas foirfe oiliúna agus traenála a bheith ann le forbairt a dhéanamh ar chumas teanga na foirne i gcomhlachtaí poiblí an Stáit.

Imní...córas na scéimeanna

* Níl ról nó feidhm ag m’Oifigse maidir le haontú/daingniú scéimeanna.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

“...Imní orm maidir le daingniú an dara babhta de scéimeanna teanga....

“... folús cruthaithe...baol ann go gcaillfí an móiminteam nó an luas ...a bheith ina bhuille an-mhór ar fad.

❖ **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009**

“...gá le tuilleadh dlúis a chur le comhaontú agus le daingniú dara scéimeanna teanga chun folús a sheachaint ...”


❖ **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010**

“Níl aon mhaolú ar an imní....


...leath na scéimeanna a bhí daingnithe roimhe sin tar éis dul “in éag”....

“...níl an folús seo i ndaingniú scéimeanna ag teacht lena raibh beartaithe faoi fhorálacha an Achta....


Scéimeanna Daingnithe



Scéimeanna “in éag”



Tréimhse “in éag”



Fíricí

- ❖ Ar líon seachas ar chaighdeán na scéimeanna atá m'aire dírithe anseo
- ❖ **66 as 105 scéim**....‘in éag’ anois...sin dhá thrian

- ❖ **20%** de na scéimeanna teanga seo in éag le tréimhse ama de trí bliana ar a laghad agus **20%** eile acu in éag le breis agus dhá bhliain.
- ❖ I measc na gcomhlachtaí poiblí a bhfuil a gcuid scéimeanna teanga in éag le fada tá:
 - ❖ Oifig an Uachtaráin (3 bliana agus 8 mí),
 - ❖ An Chomhairle Ealaíona (3 bliana go leith),
 - ❖ Oifig an Ombudsman (3 bliana go leith),
 - ❖ An tSeirbhís Chúirteanna (3 bliana agus 5 mhí),
 - ❖ Comhairle Contae na Gaillimhe (3 bliana agus 4 mhí),
 - ❖ Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (3 bliana agus trí mhí)
 - ❖ An Roinn Oideachais agus Scileanna (3 bliana agus mí).

Dréachtscéimeanna

- ❖ Tá 28 comhlacht poiblí eile ann a bhfuil an chéad dréachtscéim iarrtha orthu ach nach bhfuil siad aontaithe ná daingnithe fós mar scéimeanna ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.
- ❖ I gcás 10 gcinn acu sin, tá breis agus 5 bliana imithe ó iarradh orthu an dréachtscéim a ullmhú agus ceithre bliana go leith imithe in dhá chás eile.
- ❖ Díol suntais é go bhfuil 4 bliana agus 7 mí caite ó iarradh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dréachtscéim teanga a ullmhú.
- ❖ Tá sé beagnach 3 bliana ó iarradh ar An Post dréachtscéim teanga a ullmhú.
- ❖ Os cionn dhá bhliain ó rinneadh an t-iarratas céanna sin ar Oifig Thithe an Oireachtais, RTÉ agus ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta.

An Roinn

- ❖ Níl aon scéim teanga daingnithe fós i gcás na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta féin.
- ❖ Moltaí an phobail iarrtha don scéim sin.
- ❖ Bunaíodh an Roinn go foirmiúil ar 01 Meitheamh 2011.

Conclúid maidir le scéimeanna

- ❖ Go bhfuil na maidí ligthe le sruth agus gur cosúil go bhfuil teipthe tríd 's tríd anois ar chóras daingnithe na scéimeanna teanga.
- ❖ Is oth liom a rá go gcreidim go mbeidh sé ionann agus dodhéanta anois muinín a chothú athuair sa chóras sin.
- ❖ In am anois san athbhreithniú seo féachaint ar chórais eile:
 - ❖ rangú na gcomhlachtaí poiblí agus rialacháin reachtúla?
 - ❖ córas caighdeáin na Breataine Bige?
 - ❖ córas úrnua eile?

Deis stairiúil...

- ❖ An t-Acht a leasú le go mbeadh sé
 - ❖ oiriúnach dá fheidhm agus
 - ❖ a d'fhreastalódh go cuí ar mhianta an phobail teanga...
 - ❖ go dtabharfaí brí don fhoráil bhunreachtúil gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga oifigiúil ós í an teanga náisiúnta í.

- ❖ Ní gá go dtiocfadh aon chaiteachas breise de bharr na moltaí ata déanta ag m'Óifigse agus, mura féidir leo airgead a shábháil, ba chóir go mbeadh siad neodrach ar a laghad ó thaobh aon chostais bhreise de.

- ❖ Sin má táthar dáiríre faoin athbhreithniú seo, faoin gcomhairliúchán phoiblí agus faoi leasú na reachtaíochta Agus sin croí na ceiste!

Teagmháil

- **An Coimisinéir Teanga**
An Spidéal, Co. na Gaillimhe.
- Fón: (091) 504006 | Facs: (091) 504036 |

eolas@coimisineir.ie

www.coimisineir.ie